2025/336

19.2.2025

CINNEADH (CBES) 2025/336 ÓN gCOMHAIRLE

an 18 Feabhra 2025

lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2016/1693 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne ISIL (Da'esh) agus Al-Qaeda agus i gcoinne daoine, grúpaí, gnóthais agus eintitis a bhfuil baint acu leo

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 20 Meán Fómhair 2016, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2016/1693 ([1]).

(2) An 9 Nollaig 2022, ghlac Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe (CSNA) Rún 2664 (2022). Sa Rún sin, chinn CSNA go gceadaítear cistí, sócmhainní airgeadais eile nó acmhainní eacnamaíocha a sholáthar, a phróiseáil nó a íoc nó earraí agus seirbhísí a sholáthar, a bhfuil gá leo chun a áirithiú go seachadfar cúnamh daonnúil go tráthúil nó chun tacú le gníomhaíochtaí eile a thacaíonn le riachtanais bhunúsacha an duine agus nach sárú iad ar na reonna sócmhainní arna bhforchur ag CSNA ná ag a Choistí Smachtbhannaí. I Rún 2664 (2022), chinn CSNA freisin go mbeidh feidhm ag an díolúine dhaonnúil maidir le córas smachtbhannaí ISIL (Da'esh) agus Al-Qaeda ar feadh tréimhse 2 bhliain ón dáta a ghlacfar an Rún sin.

(3) An 31 Márta 2023, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2023/726 ([2]) lenar leasaíodh Cinneadh (CBES) 2016/1693 chun an díolúine dhaonnúil arna bunú ag CSNA i Rún 2664 (2022) a thabhairt isteach, a mbeadh feidhm aige go dtí an 9 Nollaig 2024, mura gcinnfeadh CSNA síneadh a chur lena chur i bhfeidhm tar éis an dáta sin.

(4) An 6 Nollaig 2024, ghlac CSNA Rún 2761 (2024) agus chinn sí gur cheart don díolúine dhaonnúil a tugadh isteach le Rún 2664 (2022) leanúint d'fheidhm a bheith aici maidir le córas smachtbhannaí ISIL (Da'esh) agus Al-Qaeda.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh (CBES) 2016/1693 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

In Airteagal 6 de Chinneadh (CBES) 2016/1693, scriostar mír 2.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 18 Feabhra 2025.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

A. DOMAŃSKI

([1]) Cinneadh (CBES) 2016/1693 ón gComhairle an 20 Meán Fómhair 2016 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne ISIL (Da'esh) agus Al-Qaeda agus i gcoinne daoine, grúpaí, gnóthais agus eintitis a bhfuil baint acu leo agus lena n-aisghairtear Comhsheasamh 2002/402/CBES (IO L 255, 21.9.2016, lch. 25, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2016/1693/oj).

([2]) Cinneadh (CBES) 2023/726 ón gComhairle an 31 Márta 2023 lena leasaítear cinntí áirithe ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha chun forálacha maidir le díolúine dhaonnúil a chur isteach (IO L 94, 3.4.2023, lch. 48, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/726/oj).